C/2026/2621

26.5.2026

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 10 Márta 2026

maidir le rialachán atá beartaithe a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú (Omnibus Digiteach)

(CON/2026/9)

(C/2026/2621)

Réamhrá agus bunús dlí

An 9 Nollaig 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ar thuairim maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach) ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil forálacha sa rialachán atá beartaithe a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE, lena n-áirítear, go háirithe, cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta de bhun Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, agus Airteagal 282(1) den Chonradh, oibriú rianúil na gcóras íocaíochta de bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, agus Airteagal 282(1) den Chonradh, maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 127(6) den Chonradh, agus cúraimí BCE a bhaineann le faisnéis staidrimh a bhailiú de bhun Airteagal 5 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta). I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. Tacaíonn BCE leis an rialachán atá beartaithe, ar athchóiriú tábhachtach é arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm an chreata rialála dhigitigh san Aontas a shimpliú agus a bharrfheabhsú. A mhéid a bheidh an rialachán atá beartaithe éifeachtach maidir lena chuspóirí a bhaint amach i ndáil le beartais a chur chun cinn lena neartaítear iomaíochas an Aontais, agus an t-ualach rialála a laghdú do dhaoine, do ghnólachtaí agus do riaracháin, cuirfidh sé deireadh le baic ar sholáthar seirbhísí agus tacóidh sé le forbairt an gheilleagair dhigitigh san Aontas, á chur san áireamh ag an am céanna gur gá na caighdeáin is airde a choinneáil maidir le luachanna an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta bunúsacha a chaomhnú. Tá méadú ag teacht ar thábhacht an gheilleagair dhigitigh agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige ar stiúradh an bheartais airgeadaíochta toisc go ndéanann sé difear don timpeallacht ina bhfeidhmíonn an beartas airgeadaíochta trí phatrúin tomhaltais agus táirgthe, samhlacha gnó agus praghsanna coibhneasta a athrú ó bhonn go hilchineálach ar fud an limistéir euro agus na mBallstát. Tá éifeachtaí tábhachtacha ag na forbairtí sin ar athróga atá ábhartha maidir le beartas airgeadaíochta agus ar thomhas na n-athróg sin, lena n-áirítear fostaíocht, táirgiúlacht, aschur féideartha agus boilsciú. Bíonn tionchar acu freisin ar an gcaoi a dtarchuirtear cinntí maidir le beartais airgeadaíochta chuig teaghlaigh agus chuig gnólachtaí, rud a chuireann leis an éiginnteacht agus leis an gcastacht a bhíonn roimh lucht ceaptha beartas.

1.2. Go háirithe, is díol sásaimh do BCE na tograí chun simpliú a dhéanamh ar na socruithe maidir le comhroinnt sonraí idir rialtais agus gnólachtaí agus idir gnólachtaí agus rialtais agus na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta i Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear an 'Gníomh um Shonraí' anseo feasta). Bíonn BCE rannpháirteach go forleathan i mbailiú, forbairt, táirgeadh agus scaipeadh sonraí a úsáideann sé chun tabhairt faoi na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a thagann faoina réimsí inniúlachta. Áirítear leis an inniúlacht sin faisnéis staidrimh a bhailiú, i gcás inar gá, chun tabhairt faoi cúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) a dhéanamh faoi Airteagal 5 de Reacht CEBC. Tá baint ag BCE freisin le go leor tionscnamh comhair a thacaíonn le comhroinnt sonraí agus le comhoibriú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus

([1]) COM (2025) 837 final.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí), (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, chomh maith le húdaráis inniúla na mBallstát, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Le linn dó tabhairt faoina chúraimí, féadfaidh sé sonraí pearsanta a phróiseáil freisin in imthosca áirithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) (dá ngairtear 'EUDPR' anseo feasta). Ar na cúiseanna sin, tacaíonn BCE le bearta lena bhforbrófar creat rialála comhleanúnach agus comhtháite chun tacú le hinfhaighteacht agus úsáid sonraí.

1.3. Tá BCE freagrach freisin as comhlíonadh Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) (dá ngairtear 'DORA' anseo feasta) a áirithiú d'institiúidí creidmheasa a aicmítear mar institiúidí suntasacha de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([5]) i gcomhréir leis na cumhachtaí agus na cúraimí maoirseachta stuamachta a thugtar leis an Rialachán sin ([6]). Sa cháil sin, faigheann BCE tuarascálacha ó institiúidí creidmheasa suntasacha chuig a n-údaráis inniúla náisiúnta maidir le mórtheagmhais a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (dá ngairtear 'teagmhais a bhaineann le TFC' anseo feasta) agus cibearbhagairtí suntasacha. Ina theannta sin, is ceann de bhunchúraimí CEBC oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn, de bhun Airteagal 127(2) den Chonradh, an ceathrú fleasc, mar a léirítear in Airteagal 3.1 de Reacht CEBC. Sa chomhthéacs sin, faigheann BCE tuarascálacha teagmhais ó institiúidí íocaíochta agus ó institiúidí ríomh-airgid, agus ó institiúidí creidmheasa, de bhun DORA. I bhfianaise na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí sin, is díol sásaimh do BCE i gcoitinne na hiarrachtaí chun an creat tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a shimpliú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh laistigh den Aontas agus tuairisciú láraithe ar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC a chur chun feidhme. Ós rud é go raibh an earnáil airgeadais ar thús cadhnaíochta maidir le creat comhchuibhithe, cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun feidhme le haghaidh tuairisciú teagmhas, tacaíonn BCE le bearta lena simplítear comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe teagmhas, bunaithe ar an taithí a fuarthas san earnáil airgeadais.

1.4. Mar sin féin, tá imní ar BCE maidir lena mhéid a thabharfadh an rialachán atá beartaithe éifeacht don chuspóir an tsimplithe i gcásanna sonracha nach maolaíonn sé an t-ualach comhlíonta rialála atá ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí. Dá réir sin, cuireann BCE roinnt barúlacha agus moltaí sonracha teicniúla ar fáil sa Tuairim seo maidir leis an rialachán atá beartaithe.

1.5. Mar gheall ar na hábhair imní sin, is díol sásaimh do BCE freisin go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar phríomhchaibidlí an Ghnímh um Shonraí faoin 12 Meán Fómhair 2028 agus ar na caibidlí nua laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe ([7]). Ar an gcaoi chéanna, tá sé tábhachtach nach n-athrófar an clásal athbhreithnithe in DORA ([8]), lena gceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh agus tuarascáil a thíolacadh maidir le feidhmiú go leor gnéithe de DORA. Ba cheart a áirithiú leis an bpróiseas athbhreithnithe sin go leanfaidh na rialacháin lena mbaineann de bheith ag feidhmiú go héifeachtach chun a gcuspóirí a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin tacú le forbairt an gheilleagair dhigitigh san Aontas.

2. **Rialacha digiteacha**

2.1. Tacaíonn BCE go hiomlán leis an rialachán atá beartaithe mar chéad chéim chun an creat rialála digiteach a shimpliú agus chun a chur i bhfeidhm a bharrfheabhsú. Tá an corpas rialacha digiteacha a forbraíodh le himeacht ama i réimsí na sonraí, na hintleachta saorga, na n-ardán ar líne, na cosanta sonraí agus na cibearshlándála tar éis éirí casta, agus anois tá forálacha ilroinnte forluiteacha ann a chruthaíonn éiginnteacht d'údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí araon.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj).

([6]) Airteagal 46, pointe (a), de DORA.

([7]) Airteagal 1(26) den rialachán atá beartaithe lena leasaítear Airteagal 49 den Ghníomh um Shonraí. Féach freisin mír 1.2 de Thuairim CON/2022/30 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Meán Fómhair 2022 ar thogra le haghaidh rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) (IO C 402, 19.10.2022, lch. 5).

([8]) Airteagal 58 de DORA.

2.2. Le comhdhlúthú na rialacha i Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) maidir le hathúsáid sonraí cosanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí sna Ballstáit leis na rialacha i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) maidir le hathúsáid doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát nó gnóthas poiblí sa Ghníomh um Shonraí, bunaítear struchtúr níos comhleanúnaí agus sainmhínithe níos comhsheasmhaí ar phríomhthéarmaí, rud a fhágann go mbeidh sé níos éasca rialacha maidir le comhroinnt sonraí a chur i bhfeidhm. Tacaítear leis sin trí rialacha atá as dáta a aisghairm, go háirithe na rialacha sin i Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]).

2.3. I gcás bainc cheannais náisiúnta (BCNanna), ar comhlachtaí earnála poiblí de chuid na mBallstát iad de ghnáth agus, dá bhrí sin, atá faoi réir rialacha lena bhféachtar le hathúsáid sonraí a éascú, is díol sásaimh é an soiléiriú sin. Bainfidh BCE agus BCNanna tairbhe freisin as socruithe níos soiléire maidir le hinfhaighteacht sonraí, go háirithe foinsí sonraí oscailte atá aicmithe mar thacair sonraí ardluacha ([12]). Baineann BCE úsáid as na tacair sonraí sin go forleathan agus a chúram faoi Airteagal 5(1) de Reacht CEBC á dhéanamh aige chun an fhaisnéis staidrimh is gá a bhailiú chun tabhairt faoi chúraimí CEBC.

2.4. Mar shampla, úsáidtear faisnéis faoi chuideachtaí agus faoi úinéireacht cuideachtaí chun Clár na nInstitiúidí agus na gCleamhnaithe (Register of Institutions and Affiliates, RIAD) a chothabháil, ar tacar sonraí comhroinnte sonraí tagartha é maidir le hinstitiúidí dlíthiúla agus institiúidí staidrimh eile, a dtacaíonn a mbailiú le próisis ghnó ar fud an Eurochórais agus le comhlíonadh chúraimí CEBC agus an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) ([13]). I gcás inar féidir le BCE brath ar shonraí oscailte, i.e. sonraí i bhformáid oscailte ar féidir le haon duine iad a úsáid, a athúsáid agus a roinnt gan bhac agus chun gach críche ([14]), tá sé in ann an t-ualach a bhaineann le tuairisciú na sonraí sin ag gníomhairí tuairiscithe a laghdú agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt gan srian laistigh de CEBC agus le húdaráis phoiblí eile lena gcomhoibríonn sé. Is díol sásaimh do BCE go bhfuil na socruithe a bhaineann le hinfhaighteacht sonraí agus doiciméad ón rialtas do ghnólachtaí ([15]) gan dochar do chóras dlí an Aontais lena n-eisiatar rochtain ar shonraí agus doiciméid íogaire ar fhorais rúndachta staidrimh agus rúndachta gairmiúla.

2.5. Leis an rialachán atá beartaithe, tugtar isteach leasú tábhachtach ([16]) ar an oibleagáid atá ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil do BCE — chomh maith le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí, an Coimisiún agus comhlachtaí de chuid an Aontais — i gcás ina bhfuil gá eisceachtúil leis na sonraí sin a úsáid ([17]). Leis an bhforáil sin, ceadaítear do BCE a iarraidh ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil, i gcás inar gá, chun freagairt d'éigeandáil phoiblí nó i gcás ina léirítear go bhfuil riachtanas eisceachtúil ann. Ós rud é go sainmhínítear sealbhóirí sonraí go leathan ([18]), ceadaítear leis an bhforáil do BCE sonraí a bhailiú sna cásanna eisceachtúla sin ó raon níos leithne

([9]) Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/868/oj).

([10]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach (IO L 303, 28.11.2018, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1807/oj).

([12]) Faoi Airteagal 13(1) den Treoir maidir le Sonraí Oscailte is iad na catagóirí téamacha de thacair sonraí ardluacha ná: geospásúil, faire na cruinne agus an comhshaol, meitéareolaíoch, staidreamh, cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí agus soghluaisteacht. Faoi Airteagal 13(2), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú trí chatagóirí téamacha nua de thacair sonraí ardluacha a chur léi chun forbairtí teicneolaíocha agus margaidh a léiriú.

([13]) Treoirlíne (AE) 2018/876 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2018 maidir le Clár Sonraí Institiúidí agus Cleamhnaithe (BCE/2018/16) (IO L 154, 18.6.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2018/876/oj).

([14]) Féach aithris 16 de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

([15]) Airteagal 1(18) den rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Caibidil VIIc nua isteach sa Ghníomh um Shonraí.

([16]) Airteagal 1(7) den rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 15a nua isteach sa Ghníomh um Shonraí.

([17]) Airteagail 14 agus 15 den Ghníomh um Shonraí.

([18]) Sainmhínítear 'sealbhóir sonraí' in Airteagal 2(13) den Ghníomh um Shonraí mar 'd[h]uine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé de cheart ag an duine sin nó a bhfuil an oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a úsáid agus a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil comhaontú conarthach ina leith ann, sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire a d'aisghabh nó a ghin an duine sin le linn seirbhís ghaolmhar a sholáthar'.

daoine ná mar a cheadaítear nuair a bhailíonn BCE faisnéis staidrimh ar bhonn na gcumhachtaí atá aige cheana. Ní fhéadfaidh BCE faisnéis staidrimh a bhailiú ach amháin ó chomhaltaí den daonra tuairiscithe a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle ([19]), a thagann go príomha faoi réim earnáil na 'gcorparáidí airgeadais' mar a shainmhínítear sa Chóras cúntas Eorpach ([20]) nó ar daoine dlítheanacha nó nádúrtha iad a bhfuil staideanna airgeadais áirithe acu nó a bhíonn i mbun idirbhearta airgeadais.

2.6. Mar atá tugtha mar thuairim ag BCE roimhe seo, tá tairbhí suntasacha ag baint le cead a thabhairt d'údaráis phoiblí rochtain a fháil ar shonraí ó shealbhóirí sonraí príobháideacha agus iad a úsáid chun críocha sainithe a bhaineann le leas an phobail ([21]). Le linn dó a chúram beartais airgeadaíochta a dhéanamh, baineann BCE úsáid fhorleathan ní hamháin as staidreamh oifigiúil arna tháirgeadh ag BCE, le cúnamh ó BCNanna agus ón gCóras Staidrimh Eorpach (CSE), ach as foinsí sonraí neamhoifigiúla agus neamhthraidisiúnta freisin. Féadfar sonraí neamhthraidisiúnta a fháil, mar shampla, ó fhaisnéis ardmhinicíochta faoi phraghsanna, ó tháscairí soghluaisteachta daonra nó ó fhoinsí eile sonraí nach gá go mbeidís i seilbh corparáidí airgeadais. Níl sé de chumhacht ag BCE na sonraí sin a iarraidh ar shealbhóirí sonraí príobháideacha ach amháin i gcásanna ina bhfuil riachtanas eisceachtúil ann.

2.7. Is é an príomhathrú a thabharfaí isteach leis an rialachán atá beartaithe ná feidhmiú na cumhachta sin a theorannú do chásanna ina bhfuil éigeandáil phoiblí i gceist, agus cásanna eile ina bhféadfadh gá eisceachtúil a bheith le sonraí a úsáid a eisiamh. Bheadh ar BCE riachtanas eisceachtúil a léiriú maidir le sonraí áirithe a úsáid chun a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail agus é ag freagairt ar éigeandáil phoiblí, ag maolú na héigeandála nó ag tacú leis an téarnamh uaithi.

2.8. Tacaíonn BCE le cuspóirí na n-athruithe sin, agus measann sé gurb iomchuí an creat comhroinnte gnólacht le rialtas faoin nGníomh um Shonraí a shimpliú agus aon débhríocht a tháinig chun cinn i bhforchur oibleagáidí ar ghnólachtaí a shoiléiriú. Tacaíonn sé freisin leis an tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach ról an staidrimh oifigiúil a chaomhnú faoin nGníomh um Shonraí, ós rud é nach dtugtar aghaidh ar éigeandálaí poiblí ([22]) le creat nuashonraithe an Aontais maidir le staidreamh Eorpach faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]).

2.9. Murab ionann agus comhaltaí CSE, áfach, a d'fhéadfadh sonraí a bhailiú ó shealbhóirí sonraí príobháideacha faoi choinníollacha áirithe chun a gcúraimí staidrimh a chomhlíonadh ([24]), níl aon chumhacht ag BCE faisnéis staidrimh a bhailiú ó shealbhóirí sonraí príobháideacha nach gníomhairí tuairiscithe iad, seachas i gcásanna ina bhfuil riachtanas eisceachtúil ann. Ní fhéadfaidh BCE brath ach ar shásraí lena gceadaítear sonraí a chomhroinnt ó CSE le CEBC chun sonraí den sórt sin a fhoinsiú. Má chúngaítear raon feidhme na forála ábhartha chun éigeandáil phoiblí amháin a chumhdach, tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go bhféadfar í a chur i bhfeidhm go rianúil agus gan débhríocht i gcásanna práinne ina bhfuil gá le foinsí breise sonraí chun go gcomhlíonfaidh BCE a chúram bailithe staidrimh nó cúraimí baincéireachta ceannais nó maoirseachta stuamachta eile. Dá bhrí sin, molann BCE simpliú breise a dhéanamh ar na coinníollacha nach mór d'údaráis phoiblí a chomhlíonadh chun sonraí a iarraidh, ós rud é go ndéanfadh sé sin na castachtaí a bhíonn roimh shealbhóirí sonraí a íoslaghdú nuair atá fíorú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

2.10. Ina theannta sin, measann BCE gur cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun an sainmhíniú ar 'éigeandáil phoiblí' a shoiléiriú. Is gné amháin den sainmhíniú é gur gá é a '[chinneadh] nó a [dhearbhú] go hoifigiúil i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta' ([25]). Ach ós rud é go bhfuil sraith ilroinnte bunús dlí sa dlí príomhúil agus sa dlí tánaisteach ar a bhféadfar éigeandáil phoiblí a chinneadh nó a dhearbhú, ba cheart go mbeadh sé níos soiléire, i gcás ina ndéantar cinneadh nó dearbhú den sórt sin, nach gceanglaítear leis an

([19]) Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le bailiú faisnéise staidrimh ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj).

([20]) Féach Córas Eorpach na gCuntas Náisiúnta agus Réigiúnach (CCE 2010) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat ag www.ec.europa.eu/eurostat.

([21]) Mír 2.3.1 de Thuairim CON/2022/30.

([22]) Aithris 15 den rialachán beartaithe.

([23]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE Euratom ón gComhairle, lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

([24]) Airteagal 17b de Rialachán (AE) 223/2009.

([25]) Airteagal 2(29) de Rialachán (AE) 2023/2854.

sainmhíniú ar 'éigeandáil phoiblí' critéar breise a chomhlíonadh — i bhfianaise na práinne a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar éigeandáil phoiblí. Mar shampla, le Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), ceadaítear don Chomhairle modh forairdill an mhargaidh inmheánaigh a ghníomhachtú i gcás ina bhfuil baol ann go mbeidh géarchéim ann a d'fhéadfadh géarú le bheith ina héigeandáil sa mhargadh inmheánach laistigh den 6 mhí ina dhiaidh sin. Ba cheart é a bheith níos soiléire gur cheart go mbeadh bagairt éigeandála poiblí ina húdar maith leis an ngá eisceachtúil le sonraí a iarraidh, i gcás ina n-áirítear ar chúraimí an údaráis phoiblí an éigeandáil phoiblí sin a mhaolú. Thairis sin, le Cinneadh 2014/415/AE ón gComhairle ([27]) lena mbunaítear na socruithe maidir le Freagairt Pholaitiúil Chomhtháite ar Ghéarchéimeanna le haghaidh cur i bhfeidhm an chlásail dlúthpháirtíochta (Airteagal 222 den Chonradh), ní dhéantar raon feidhme na n-imthosca ina bhfuil feidhm ag an gCinneadh a theorannú do chásanna eisceachtúla 'atá teoranta ó thaobh ama' ([28]). Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith níos soiléire go bhfuil an sainmhíniú ar éigeandáil phoiblí ailínithe go hiomlán leis na cásanna ina ndéantar socruithe éigeandála a agairt faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta, agus nach bhfuil sé níos sriantaí ná na cásanna sin.

2.11. Maidir leis na socruithe le haghaidh cúitimh ([29]), is díol sásaimh do BCE an ceanglas sonraí a chur ar fáil chun freagairt d'éigeandáil phoiblí saor in aisce, ach amháin i gcás inar micrifhiontar nó fiontar beag é an sealbhóir sonraí. Mar sin féin, measann sé go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú nach dtabhaíonn údaráis phoiblí costais mhíréasúnta nuair a dheonaítear rochtain dóibh ar shonraí atá i seilbh príobháideach. Ós rud é go bhfuil gach iarraidh ar shonraí le leas an phobail, ba cheart sonraí a chur ar fáil ar an gcostas iarbhír agus gan 'corrlach réasúnta' a ghearradh ([30]).

3. **Cosaint sonraí**

3.1. Is díol sásaimh do BCE na leasuithe sa rialachán atá beartaithe arb é is aidhm dóibh an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a shimpliú. Laistigh de réimsí inniúlachta BCE, tá roinnt pointí ann ar fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu chun cuspóir an tsimplithe a bhaint amach, ó thaobh an t-ualach riaracháin a laghdú, chomh maith le tuairisciú teagmhas éifeachtach, tráthúil agus slán a áirithiú.

3.2. Déanann BCE raon leathan oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta i gcomhar leis na BCNanna. Ina theannta sin, comhoibríonn BCE le húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) chun gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanamh i réimse na maoirseachta baincéireachta. Mar institiúid de chuid an Aontais, próiseálann BCE sonraí pearsanta i gcomhréir le EUDPR, ach próiseálann BCNanna agus ÚINanna sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]) (dá ngairtear 'RGCS' anseo feasta).

3.3. I gcásanna ina gcinneann BCE agus na BCNanna agus/nó ÚINanna críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta go comhpháirteach, déanann siad an phróiseáil sin mar rialaitheoirí comhpháirteacha ([32]). Os a choinne sin, i gcás ina gcinneann eintiteas amháin críocha agus modhanna na próiseála agus ina bpróiseálann an eintiteas eile na sonraí pearsanta thar a cheann, is é caidreamh an rialaitheora agus an phróiseálaí atá eatarthu ([33]). Sa dá chás, próiseálann BCE sonraí pearsanta faoi EUDPR, agus próiseálann na BCNanna agus na ÚINanna sonraí pearsanta faoi RGCS. Mar thoradh air sin, rialaítear an oibríocht phróiseála chéanna go comhuaineach le dhá ionstraim dlí ar leith de chuid an Aontais, ar ionstraimí comhlántacha iad ag an am céanna.

([26]) Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear creat beart a bhaineann le héigeandáil sa mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (Gníomh um Éigeandálaí sa Mhargadh Inmheánach agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh) (IO L, 2024/2747, 8.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2747/oj).

([27]) Cinneadh 2014/415/AE ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis na socruithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an chlásail dlúthpháirtíochta ag an Aontas (IO L 192, 1.7.2014, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/415/oj).

([28]) Airteagal 2(29) de Rialachán (AE) 2023/2854.

([29]) Airteagal 1(12) den rialachán atá beartaithe, a ghabhann ionad Airteagal 20 den Ghníomh um Shonraí.

([30]) Féach mír 2.3.3 de Thuairim CON/2022/30.

([31]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([32]) De réir bhrí Airteagal 26 de RGCS agus Airteagal 28 de EUDPR.

([33]) De réir bhrí Airteagal 28 de RGCS agus Airteagal 29 de EUDPR.

3.4. Sampla amháin den sórt sin is ea an cás ina ndéanann BCE agus na BCNanna sin atá rannpháirteach i Socraíochtaí Íocaíochta Meandracha TARGET (TARGET Instant Payment Settlements, TIPS) sonraí pearsanta a phróiseáil laistigh de chóras TIPS. Sa chás sin, tá socrú rialúcháin chomhpháirtigh tugtha i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé gur ghá conradh nó socrú maidir le cosaint sonraí a thabhairt i gcrích idir BCE agus BCNanna an limistéir euro chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs an euro dhigitigh a bheidh ann amach anseo.

3.5. Le linn dó cúraimí CEBC agus SAM a chomhlíonadh i gcomhar le BCNanna agus le ÚINanna, tá sé ríthábhachtach do BCE go mbeidh na gníomhartha dlí lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta ailínithe agus comhoiriúnach dá chéile, a mhéid is féidir. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do BCE go bhfuil na leasuithe atá beartaithe ar RGCS agus ar EUDPR á gcur chun cinn i gcomhthráth, rud a rannchuidíonn le creat dlíthiúil comhleanúnach agus comhsheasmhach a bhunú. Áirithítear leis sin nach n-eascróidh éiginnteacht dhlíthiúil as amlínte éagsúla maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla.

3.6. Dá bhrí sin, i bhfianaise chomhar BCE le BCNanna agus le ÚINanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcás inar gá chun cúraimí CEBC agus SAM a chomhlíonadh, cuireann BCE na pointí seo a leanas ar aghaidh lena mbreithniú:

3.7. Maidir le sásra an phointe iontrála aonair, molann BCE rialaitheoirí comhpháirteacha a chumhachtú chun fógra a thabhairt faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta thar ceann na rialaitheoirí comhpháirteacha uile ([34]). Is féidir é sin a dhéanamh toisc go dtugtar isteach leis an rialachán atá beartaithe pointe iontrála aonair comhchuibhithe trína bhféadfaidh eintitis, trí bhíthin fógra aonair a dhéanamh, a n-oibleagáidí tuairiscithe teagmhas a eascraíonn as gníomhartha dlí iomadúla de chuid an Aontais a chomhlíonadh go comhuaineach. Tríd an bprionsabal 'tuairiscigh uair amháin, comhroinn go minic' a oibríochtú, tá sé beartaithe leis an bpointe iontrála aonair an t-ualach riaracháin ar eintitis a laghdú, agus tuairisciú teagmhas éifeachtach, tráthúil agus slán á áirithiú an tráth céanna. Chuige sin, tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an pointe iontrála aonair mar bhealach coiteann chun fógraí a chur isteach de bhun roinnt ionstraimí dlí ([35]). Mar atá tugtha mar thuairim ag BCE roimhe seo, tacaíonn sé go láidir le comhroinnt faisnéise i measc na n-údarás chun foghlaim trasearnála a chumasú, rannchuidiú le cibirionsaithe a chosc agus a bhainistiú go héifeachtach, agus measúnú comhsheasmhach ar rioscaí a bhaineann le TFC a chur chun cinn ar fud an Aontais ([36]). I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn BCE le pointe iontrála aonair a thabhairt isteach i gcomhthéacs sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú.

3.8. Agus sásra an phointe iontrála aonair á chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí comhphróiseála arna ndéanamh ag BCE i gcomhar le BCNanna (agus le ÚINanna), bhainfeadh na BCNanna tairbhe faoin rialachán atá beartaithe as úsáid an phointe iontrála aonair chun fógraí teagmhais a fháil. Os a choinne sin, leanfadh BCE, mar institiúid de chuid an Aontais, de bheith ag brath faoin rialachán atá beartaithe ar an mbealach tuairiscithe arna bhunú ag EUDPR, trína dtugann sé fógra faoi theagmhais don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ([37]).

3.9. Athdhearbhaíonn BCE go bhfuil gá le malartú faisnéise maidir le teagmhais a chuíchóiriú, a luathú agus a uasmhéadú, agus comhleanúnachas a áirithiú idir RGCS agus EUDPR. Dá bhrí sin, bheadh sé iomchuí EUDPR a áireamh i ngníomhartha dlí an Aontais nach mór an pointe iontrála aonair a úsáid ina leith chun fógraí a thabhairt faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta.

([34]) Mar a cheanglaítear le hAirteagal 34 de EUDPR.

([35]) Áirítear orthu sin RGCS agus Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj); Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj) (Rialachán eIDAS) agus Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj) (Treoir CER).

([36]) Féach mír 3.3.1 Tuairim CON/2022/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 11 Aibreán 2022 maidir le togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO C 233, 16.6.2022, lch. 22).

([37]) Mar a cheanglaítear le hAirteagal 34 de EUDPR.

3.10. Maidir le tuairisciú aonair ar sháruithe i ndáil le sonraí i gcásanna rialaithe chomhpháirtigh, áitíonn BCE gur cheart go mbeadh sé de shaoirse ag rialaitheoirí comhpháirteacha a chinneadh an mbainfeadh siad úsáid as an bhféidearthacht sin agus na coinníollacha faoina mbainfeadh siad úsáid aisti. Dheimhnigh MECS le déanaí, chun a chinneadh an gceanglaítear ar BCE fógra a thabhairt do MECS faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta, nach mbaineann sé le hábhar má tá BCE, mar rialaitheoir comhpháirteach, freagrach as an sárú sin a tharlú. Is leor BCE a bheith ina rialaitheoir comhpháirteach ar an oibríocht phróiseála ar tharla an sárú i ndáil le sonraí pearsanta inti chun a oibleagáid fógra a thabhairt do MECS a ghníomhachtú, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha faoi EUDPR ([38]).

3.11. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, san iliomad cásanna ina bhfuil socrú rialúcháin chomhpháirtigh i bhfeidhm idir BCE agus BCNanna uile an Eurochórais, go bhféadfadh suas le 22 fhógra a bheith mar thoradh ar shárú aonair i ndáil le sonraí pearsanta, ar dócha go mbeadh siad comhchosúil nó comhionann lena chéile ó thaobh inneachair de. Bheadh córas den sórt sin contrártha leis an gcuspóir an t-ualach riaracháin ar údaráis phoiblí a shimpliú. Bheadh sé iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh rialaitheoirí comhpháirteacha fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta inniúla maidir le sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta tríd an bpointe iontrála aonair ach aon uair amháin. I gcomhréir leis na cuspóirí simpliúcháin, ní bheadh feidhm ag córas tuairiscithe den sórt sin i gcás nach dócha go mbeadh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta atá i gceist ([39]).

3.12. Ar na cúiseanna sin, molann BCE gur cheart é a fhágáil faoi rialaitheoirí comhpháirteacha a chinneadh an mian leo úsáid a bhaint as an bhféidearthacht fógra amháin a chur isteach thar ceann na rialaitheoirí comhpháirteacha uile i socrú rialúcháin chomhpháirtigh sonrach, agus na coinníollacha faoinar mian leo é sin a dhéanamh. Chuirfí fógra den sórt sin isteach uair amháin tríd an bpointe iontrála aonair, agus ar an gcaoi sin chuirfí faoi bhráid na n-údarás maoirseachta ábhartha uile é, gan cur isteach ar an ról atá ag oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt chun trédhearcacht iomlán agus malartú cuimsitheach faisnéise a áirithiú.

4. **Tuairisciú teagmhas**

4.1. Mar a tugadh faoi deara i mír 1.3, is díol sásaimh do BCE an tionscnamh chun na nósanna imeachta maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a shimpliú agus a chomhchuibhiú agus chun tuairisciú láraithe ar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC a chur chun feidhme. Mar sin féin, ba cheart go laghdódh sé sin, i ngach cás, an t-ualach riaracháin d'institiúidí creidmheasa, d'institiúidí íocaíochta, d'institiúidí ríomh-airgid agus d'údaráis phoiblí faoi mhaoirseacht. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil méid áirithe simplithe ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú bainte amach cheana féin trí a chur chun feidhme DORA san earnáil airgeadais. Tháinig DORA go héifeachtach in ionad na gceanglas éagsúil d'eintitis airgeadais maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC ([40]), rud a bhain laghdú suntasach amach ar an ualach tuairiscithe a raibh orthu agus a chuir sásraí comhordúcháin éifeachtacha agus éifeachtúla chun feidhme i measc na n-údarás inniúil éagsúil ([41]). Bhain DORA an cuspóir sin amach trí thacsanomaíochtaí, teimpléid agus nósanna imeachta tuairiscithe coiteanna a shainiú agus trí phointe iontrála uathúil a shainaithint le haghaidh na dtuarascálacha sin.

4.2. Cé go dtacaíonn BCE leis na hiarrachtaí simpliúcháin sin, tá amhras air freisin maidir le gnéithe de bhearta maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC sa rialachán atá beartaithe ar thrí phríomhchúis.

4.3. Ar an gcéad dul síos, níl an togra le haghaidh pointe iontrála aonair éifeachtach chun an t-ualach tuairiscithe ar eintitis airgeadais agus ar ghnólachtaí eile atá faoi réir ceanglais maidir le tuairisciú teagmhas a laghdú. Cé go n-áirithítear leis an bpointe iontrála aonair go bhfuil tairseach aonair ann chun teagmhais a thuairisciú, ní athraíonn sé an fíoras go bhfuil tacsanomaíochtaí, teimpléid agus nósanna imeachta tuairiscithe éagsúla fós ann le haghaidh gach tuarascála teagmhais faoi na creataí éagsúla seachas DORA. Chun teagmhas a thuairisciú, ní mór d'eintiteas airgeadais tuarascálacha éagsúla a ullmhú i gcomhréir le reachtaíocht éagsúil (e.g. faoi RGCS agus DORA). Ní mhaolaítear an t-ualach riaracháin ar bhealach suntasach trí chead a thabhairt fógra a thabhairt faoi na

([38]) Tuairim Mhaoirseachta MECS 18/2025 maidir le dréachtsocrú rialúcháin chomhpháirtigh idir an Banc Ceannais Eorpach agus na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta i gcomhthéacs an tSásra Maoirseachta Aonair (Cás 2024-1002), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MECS ag www.edps.europa.eu.

([39]) Airteagal 34 de EUDPR.

([40]) Féach, chuige sin, aithrisí 16, 18, 19, agus 23 de DORA.

([41]) Leis sin, bhíothas in ann aghaidh a thabhairt ar aighneachtaí comhthreomhara faoi DORA, faoi Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj) agus faoi Threoirlínte comhfhreagracha ÚBE, mar a shainaithnítear i mír 4.2.2. de Thuairim CON/2021/20 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Meitheamh 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (IO C 343, 26.8.2021, lch. 1).

tuarascálacha sin d'fhaighteoir aonair amháin. Ar an gcúis sin, b'iomchuí aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin theicniúla rialála a glacadh de bhun DORA chun próisis tuairiscithe níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe a éascú ([42]). Ba dhíol sásaimh do BCE freisin dá mbainfí tuilleadh ailínithe amach agus, i gcás inarb iomchuí, dá ndéanfaí tacsanomaíochtaí, teimpléid agus nósanna imeachta tuairiscithe maidir le teagmhais faoi na creataí éagsúla a chumasc, d'fhonn fíorshimpliú a bhaint amach.

4.4. Ar an dara dul síos, spreagann tuarascáil teagmhais DORA próisis atá criticiúil ó thaobh ama de a bhféadfadh gníomhachtú nósanna imeachta géarchéime a bheith i gceist leo. Tá rioscaí breise ag baint le gníomhaí agus córas nua a áireamh i nglacadh na dtuarascálacha teagmhas sin ó thaobh infhaighteacht agus tuairisciú tráthúil na faisnéise is gá. Ar an gcúis sin, is é an rogha is éifeachtaí agus is athléimní ná na tuarascálacha sin a sheoladh go díreach chuig an údarás inniúil mar a bheartaítear faoi DORA ([43]), chun aon mhoill mhíchuí ar an bhfreagairt mhaoirseachta ar chás a d'fhéadfadh a bheith criticiúil a sheachaint.

4.5. Ar an tríú dul síos, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an iarracht agus ar an gcaiteachas a gheall an earnáil airgeadais cheana féin maidir le DORA, nach ndeachaigh i bhfeidhm ach an 17 Eanáir 2025, a chur chun feidhme Tá acmhainní suntasacha infheistithe i gcur chun feidhme an chreata nua ag institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht agus ag údaráis inniúla. Ón taobh sin de, bheadh sé tairbhiúil moill a chur ar chomhtháthú tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC tríd an bpointe iontrála aonair. Thabharfadh sé sin níos mó ama chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a shainaithint agus bealaí a shainaithint chun an t-ualach riaracháin ar SAM agus ar institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht araon a shimpliú tuilleadh.

4.6. Ar na cúiseanna sin, molann BCE go ndéanfaí DORA a eisiamh ón rialachán atá beartaithe. Bheadh sé iomchuí taithí a fháil ar leithligh leis an bpointe iontrála aonair nua (lena gcumhdaítear na rialacháin eile, EUDPR san áireamh) agus le córas tuairiscithe DORA a cuireadh chun feidhme go nua, agus ansin athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun iad a chomhtháthú ag céim níos déanaí.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil le fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 10 Márta 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([42]) Mar a bheartaítear le haithris 54 den rialachán atá beartaithe.
([43]) Airteagal 19 de DORA.